Glór Cheatharlach

20 amhrán in iomaíocht sa Chomórtas Náisiúnta Amhrán Pan Cheilteach 2013.

Tógadh céim mhór ar aghaidh an tseachtain seo caite chun amhrán na hÉireann a roghnú do Chomórtas Amhránaíochta na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2013. Fógraíodh an comórtas an fómhar seo caite agus arís i mbliana léiríodh an-suim ann. Tá breis is caoga iarratas tagtha isteach agus astu siúd tá 20 amhrán roghnaithe don ghearrliosta le bheith páirteach sa Chomórtas Náisiúnta. Tá iararatais as contaethe fud fad na tíre ina measc Corcaigh, Ciarraí, Doire, Ceatharlach,Tír Chonaill, Baile Átha Cliath, an Clár agus Tiobraid Árann. Don chomórtas áirithe seo is gá na focail agus an ceol a bheith nua-chumtha agus ní foláir na focail a bheith as Gaeilge.

Reachtálfar an comórtas náisiúnta in Óstán an Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 7ú Feabhra. Osclófar na doirse ag 7.30i.n. agus cuirfear tús le himeachtaí ag 8.00. Beidh an pearsa teilifíse Daithí Ó Sé ar ais arís chun na hamhráin a chur i láthair agus 'sé Ollie Hennessy a bheidh ina stiúrthóir ceoil. Beidh moltóirí aitheanta i láthair agus measfar na hamhráin ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an cur i láthair. Cuirfear fáilte roimh an pobal ach, tar éis teach lán na bliana seo caite, moltar ticéidí a chur in áirithe gan mhoill. Cead isteach ná €10 agus tabhair faoi deara go bhfuil na ticéidí ar fáil trí Amharclann G.B. Shaw amháin I mbliana.

Bronnfar trí dhuais ar an oíche… €100 don tríú háit, €200 don dara háit agus €1,000 don chéad áit. IMRO atá ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas i gcomhar le Gael Linn. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chun canadh ar son na hÉireann ag an gComórtas Amhrán Pan Cheilteach a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2013 i gCeatharlach ó 2 - 7 Aibreán. Beidh amhrán na hÉireann in iomaíocht leis na hamhráin náisiúnta eile ag Alba, An Bhreatain Bheag, Oileán Mhanainn, An Choirn agus An Bhriotáin chun trófaí Pan Cheilteach agus príomhdhuais na féile €1,500 a thógaint.

Mar sin ócáid ghalánta agus dáta tábhachtach don dialann….. Déardaoin, 7ú Feabhra ag 8.00i.n. in Ostán Seven Oaks, Ceatharlach. Bí ann gan teip. Tuilleadh eolais ar fáil ach glaoch ar 087 2857048, 085 1340047 nó scríobh chuig pancelticcarlow@gmail.com

Gluais:	**Glossary:**
comórtas	competition
nuachumtha	newly composed
iontrálacha	entries
roghnaithe	chosen
pearsa	personality
buaiteoir	winner
duais	prize
galánta	glamorous
urraíocht	sponsorship
dialann	diary

Dialann Imeachtaí na Gaeilge

Tá dialann na Gaeilge lán agus bliain ghnóthach eile faoi lán seoil i gCeatharlach. Is léir go bhfuil rud éigin san áireamh do gach aoisghrúpa. Cuirfear tús amárach, Dé Céadaoin, 23ú Eanair leis an gCiorcal Comhrá do mhicléinn chun deiseanna labhartha a sholáthar dóibh agus iad ag ullmhú do bhéaltriail na hardteistiméireachta. Leanfar leis an gCiorcal gach Céadaoin ó 4.30-5.30i.n.go dtí an Cháisc in Ionad Phobal New Oak. Cuirfear fáilte roimh chách ag cruinniú a thionólfar ar an Déardaoin, 24ú Eanair ag 6.15i.n. ins an Ostán Seven Oaks chun clár na n-imeachtaí a eagrú don Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.

Tiocfaidh SPRAOI, an ghrúpa dhátheangach do thuistí agus leanaí óga, le chéile ag 11.00r.n. ar an Satharn, 26ú Eanair agus gach dara maidin Shathairn le haghaidh uair a' chloig de shúgradh agus imeachtaí spraiúil. Tá clárú ag dul ar aghaidh i láthair na huaire do na Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta agus is féidir gach eolas a fháil ar www.gaelchultur.com. Cuirfear tús leis na ranganna i Mí Feabhra. Beidh an teacht le chéile míosúil ag SULT sa Teach Bar, Sráid na Tulaí ar an Déardaoin, 31ú Eanair ag 9.00.

Dialann lán mar sin agus tugann Glór Cheatharlach cuireadh do gach éinne a bheith páirteach i saol na Gaeilge go háirithe i rith Bhliain seo na Gaeilge. Gach eolas ar fáil ón oifig ar Shráid an Choláiste agus ó 085 1340047 nó 087 2857048.

Gluais:	**Glossary:**
dialann	diary
áireamh	included
deiseanna	opportunities
imeachtaí	events
dátheangach	bilingual
míosúil	monthly
páirteach	participate

Traein na nDineasár

Tá dvd nua Gaeilge dar teideal "Traein na nDineasár" ar fail ó TG4 agus cuirfidh páistí réamhscoile agus a dtuismitheoirí fáilte roimhe. Seacht gclár d'eachtraí Buddy atá ar an dvd agus is é Buddy an laoch i gcónaí. Is T Rex é ata ina chónaí le muintir Pteranadon i nead ollmhór cois farraige. Caitheann Buddy agus a chairde go leor ama ar thraein na ndineasár, ag taisteal siar go dtí an réamhstair agus ag casadh le hainmhithe réamhstairiúla. Tá an dvd ar díol ar-líne ag siopa TG4 ag www.tg4.ie agus i siopaí ar chostas €15.
Tá cluichí idirghníomhacha Gaeilge a bhaineann le Traein na nDineasár ar fáil saor in aisce ar www.cula4.com.

Gluais:	**Glossary:**
dineasár	dinosaur
réamhscoile	preschool
eachtraí	adventures
laoch	hero
ollmhór	enormous
réamhstairiúla	prehistoric
ar-líne	on-line
idirghníomhach	interactive

CLASSIFIED or DISPLAY
Carlow 059-9170100
Laois 057 8670216
Kildare 045 432147
The Nationalist
Laois Nationalist
Kildare Nationalist
The sky's the limit
when you advertise with us

Welcome to the digital edition of the The Nationalist

The e-edition is an exact replica of our printed paper. It's a digital reproduction of the newspaper

Each e-edition comes complete including every photograph, advertisement and news articles. There is no need to download software and you can access your e-edition anytime, anywhere you are.

Simply sign up today at

www.carlow-nationalist.ie
and start search and navigating the paper using your web browser.

www.carlow-nationalist.ie